Cathleen Ní Chonghaile
Glór na nGael Inis Oírr

Co. na Gaillimhe

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
1 Ní leor mar is ceart gur daoine atá iomlán inniúil i nGaeilge a bheadh ag freagairt cumarsáid sa teanga sin agus nach aistriúchán 'Google' a bheadh á úsáid. 2 Teastaíonn leasú ionas nach féidir éalú ón ndualgas agus rá gur chomhfhreagras nua atá i gceist chuile bhabhta.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
1 Teastaíonn leasú ionas go mbeidh an leagan Gaeilge de chuile Acht Oireachtais á fhoilsiú ar an idirlíon ag an am céanna leis an leagan Béarla.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar

chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
1 Teastaíonn leasú le go mbeadh tréimhse ama i bhfad níos giorra ag aon eagraíocht nach ndéanann tréan iarracht cloí leis na Rialacháin seo faoin Acht, nó a bhriseann iad ar bhonn leanúnach go mór mhór sa nGaeltacht.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Teastaíonn leasú agus ba choir éirí as an moilleadóireacht agus na Scéimeanna teanga faoin Acht a fheidhmiú arís láithreach.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
1 Mholfainn go mbeidh dualgais reachtúla i leith na Gaeilge agus bun Scéim Teanga faoin Acht leagtha síos ón tús do chuile eagraíocht poiblí a bhunaítear as seo suas (m.sh. eagraíocht nua le cúramaí Sláinte nó Uisce). 2 Mholfainn go mbeidh dualgais reachtúla i leith na Gaeilge agus bun Scéim Teanga faoin Acht i bhfeidhm i gcás chuile chomhlacht poiblí agus dreamanna eile ón am a dtagann an athbhreithniú seo i bhfeidhm. 3 Mholfainn go mbeadh chuile scáth-eagraíocht a thagann faoi chúram comhlachtaí poiblí i gceist nuair a chuirtear Scéim Teanga i bhfeidhm don mháthair eagraíocht.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Nílim pioc sásta

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?

1 Ba chóir comhlachtaí poiblí, mar aon le gach dream eile a bhfuil ceantair Ghaeltachta ina limistéir feidhme acu, a chur i gcatagóirí leo féin agus dualgas reachtúil a chur orthu a gcuid seirbhísí uilig a sholáthar trí Ghaeilge sa nGaeltacht. 2 Údarás breise a thabhairt don Choimisinéir Teanga pionós géar a leagan sa gcatagóir seo i gcás moilleadóireachta nó cliseadh dualgas. 3 Ní mór gur daoine atá iomlán inniúil i nGaeilge a bheidh ag obair ag comhlachtaí poiblí Gaeltachta nó in oifigí chomhlachtaí poiblí a fhreastlaíonn ar phobal na Gaeltachta.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
1 Ní fiú an córas maidir leis na logainmneacha mura mbíonn leagan Gaeilge de na logainmneacha ar leithidí mhapaí 'Google Maps agus 'Bing maps' mar gurb iad seo a úsáideann daoine agus iad ag lorg áiteacha sa lá atá inniu ann. 2 Ní leor iad mar ba chóir dualgas reachtúil a leagan ar an Oireachas féachaint chuige go dtuigeann muintir na Gaeltachta agus lucht na Gaeilge, is cuma cén áit sa tír a bhfuileadar lonnaithe, cé na cearta teanga atá acu.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Níleadar cuí agus teastaíonn leasú le go mbeidh : 1 Dualgais reachtúla i leith na Gaeilge a bheith leagtha síos ón tús do chuile eagraíocht poiblí a bhunaítear as seo suas (m.sh eagraíocht nua le cúramaí Sláinte nó Uisce). 2 Go dtabharfaí teimpléad de Scéim Teanga do gach eagraíocht nua bhunaithe fad is bhéidis ag ullmhú a gceann féin. 3 Scéim Teanga gach máthair chomhlacht a bheith i bhfeidhm freisin d'aon fho-eagraíocht nó cuideachta faoina scáth faoi láthair nó sa todhchaí.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Níleadar sách láidir. Neamhspleáchas Oifig an Choimisinéara Teanga a chinntiú agus údarás agus cumhachtaí na hoifige a mheadú i mbealach a rachaidh chun tairbhe don Ghaeilge.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
Tá. 1 Ba cheart go mbeadh ceart sa dlí ag an duine a n-ainm, sloinne agus seoladh a úsáid ina rogha teanga oifigiúil agus iad i mbun gnóthaí le chuile eagraíocht sa tír. 2 Go mbeadh an Ghaeilge éigeantach feasta d'earcú foirne i réimsí ar leith post sa Státseirbhís, comhlachtaí poiblí, agus dreamanna eile cosúil leis na bainc a bhíonn i mbun gnó le lucht na Gaeilge agus na Gaeltachta.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Comhfhreagras scríofa, agus r-phoist san áireamh, a fháil ar ais uatha i nGaeilge sothuigthe. Go bhféadfainn comhfhreagras labhartha i nGaeilge sothuigthe a bheith agam leo. Go nglacfaídís le ainm seoladh agus eile mar a tugtar dóibh é gan praiseach a dhéanamh de agus lucht a chur ar "a gcóras ríomhaireachta" .

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Córas nua earcaíochta a úsáid le leigheas a fháil ar an easpa foirne sa gcóras poiblí a bhfuil easpa cumais Gaeilge acu.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Gan bacadh le cóipeanna crua de thuarascálacha, Pleananna Contae agus eile a phriondáil i nGaeilge ná i mBéarla ach go mbéidis ar fáil go fíor réidh ar an idirlíon agus go gcuirfí cóip chrua dhá theangach ar fáil tríd na leabharlainne contae, agus oifigí eile ar chostas reasúnta, dá mbeadh gá leis. 2 Mholfainn go mbeidh dualgais reachtúla i leith na Gaeilge agus bun Scéim Teanga faoin Acht i bhfeidhm i gcás chuile chomhlacht poiblí agus dreamanna eile ón am a dtagann an athbhreithniú seo i bhfeidhm. Mholfainn go mbeidh dualgais reachtúla i leith na Gaeilge agus bun Scéim Teanga faoin Acht leagtha síos ón tús do chuile eagraíocht poiblí a bhunaítear as seo suas (m.sh. eagraíocht nua le cúramaí Sláinte nó Uisce).